AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 23.11.2011
COIM(2011) 821 leagan deireanach

2011/0386 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le forálacha coiteanna le haghaidh faireacháin agus measúnaithe ar dhréachtphleananna buiséadacha agus lena n-áirithítear easnamh iomarcach na mBallstát sa limistéar euro a cheartú

2011/0386 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le forálacha coiteanna le haghaidh faireacháin agus measúnaithe ar dhréachtphleananna buiséadacha agus lena n-áirithítear easnamh iomarcach na mBallstát sa limistéar euro a cheartú

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 136 i gcomhar le hAirteagal 121(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Ceanglaítear sa Chonradh go measfaidh na Ballstáit gur ábhar leasa choitinn a mbeartais eacnamaíocha agus gurb é an gá le hairgeadas poiblí fónta a bheidh ina threoir dá mbeartais bhuiséadacha agus nach gcuirfidh a mbeartais eacnamaíocha oibriú rianúil an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta i gcontúirt.

(2) Sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, go háirithe Rialachán Uimh. 1466/97 an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú[1] agus Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air[2], arna gceapadh chun smacht buiséadach a áirithiú ar fud an Aontais, leagtar amach an creat chun easnaimh iomarcacha rialtais a chosc agus a cheartú. Neartaíodh é tuilleadh le Rialachán Uimh. .../2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú agus Rialachán (AE) Uimh. …/2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air. Le Rialachán (CE) Uimh. .../2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faireachas buiséadach a fhorfheidhmiú go héifeachtach

---

[1] IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.
[2] IO L 209, 2.8.1997, lch. 6.

sa limistéar euro, tugadh isteach córas éifeachtach coscaitheach céimseach de shásraí forfheidhmiúcháin i bhfoirm smachtbhannaí airgeadais i gcomhair na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(3) Leis na leasuithe ar an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, méadaítear an treorú, agus, i gcás na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, dreasachtaí chun beartas búiséadach stuama a shocrú agus a chur chun feidhme, agus seachnaítear ag an am céanna easnaimh iomarcacha rialtais. Chruthaigh na forálacha sin creat níos stóinsí ar leibhéal an Aontais chun faireachas a dhéanamh ar bheartais eacnamaíocha náisiúnta.

(4) Ceadaítear leis an gConradh bearta sonracha a ghlacadh sa limistéar euro, ar bearta iad a dhéanann tuilleadh de bhreis ar na forálacha is infheidhme maidir le gach Ballstát, chun feidhmiú ceart an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta a áirithiú.

(5) Is le linn staid na pleanála is fearr a áirithítear airgeadas poiblí stóinseach agus ba cheart ollearráidí a aithint a luaithe is féidir. Ba cheart go mbainfeadh na Ballstáit tairbhe ní amháin as prionsabail treorach agus spriocanna buiséadacha a shocrú ach as faireachán sioncrónaithe ar a mbeartais bhuiséadacha freisin.

(6) Trí amlíne bhuiséadach choiteann a bhunú i gcomhair na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, ba cheart go ndéanfaí na príomhchéimeanna in ullmhúchán na mbuiséad náisiúnta a shioncrónú níos fearr, sa dóigh go gcuirfí le héifeachtacht an tseimeastair Eorpaigh chun beartas eacnamaíoch a chomhordú. Ach amlíne bhuiséadach choiteann a ghlacadh, ba cheart go dtiocfadh sineirgíochtaí níos láidre mar thoradh air sin toisc go n-éascófaí comhordú beartais i measc na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus mar an gcéanna ba cheart go n-áiritheodh sé go ndéanfaí moltaí na Comhairle agus an Choimisiúin a chomhtháthú mar is iomchuí sa phróiseas náisiúnta lena nglactar an buiséad.

(7) Tá fianaise láidir ann a léiríonn éifeachtacht creataí fioscacha riailbhunaithe chun tacú le beartais fhioscacha atá fónta agus inbhuanaithe. Go dtabharfaí isteach rialacha fioscacha náisiúnta atá comhsheasmhach leis na cuspóirí buiséadacha atá socraithe ar leibhéal an Aontais, ba cheart an méid sin a bheith ina eilimint sár-riachtanach chun a áirithiú go n-urramófaí forálacha an Chomhshocraithe Cobhsaíochtaí agus Fáis. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le comhordú structúrach na mbuiséad, ar rialacha iad a dhéanfadh trasuíomh sa reachtaíocht náisiúnta ar phríomhphrionsabail chreat fioscach an Aontais. Ba cheart an trasuíomh sin a dhéanamh trí rialacha ceangailteacha de chineál bunreachtúil, de bharr-rogha, chun tiomantas fíordhaingean na n-údarás náisiúnta i leith an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a léiriú.

(8) Is féidir le réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus buiséadacha atá claonta agus neamhréalaíoch cur isteach go mór ar éifeachtacht na pleanála buiséadaí agus dá thoradh sin an tiomantas do smacht buiséadach a lagú. Féadfaidh comhlachtaí neamhspleácha réamhaisnéisí maicreacnamaíocha atá neamhchlaonta agus réalaíoch a sholáthar.

(9) Tríd an bhfaireachas sin a neartófar de réir a chéile, comhlánfar tuilleadh na forálacha atá ann cheana sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus neartófar faireachas ar smacht buiséadach sna Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu. Trí nós imeachta faireacháin a fheabhsófar de réir a chéile, ba cheart go gcuirfí ar son torthaí

buiséadacha níos fearr chun leasa na mBallstát ar fad a bhfuil an euro mar airgeadra acu. Mar chuid de nós imeachta a neartófar de réir a chéile, tá luach ar leith le baint as faireachán níos dlúithe ag Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach.

(10) Mar a léirigh géarchéim an fhiachais cheannasaigh, agus mar a léirigh, go háirithe, an gá cúlstacáin airgeadais choiteanna a chur i bhfeidhm, comhroinneann Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu iarmhairtí méadaithe a thagann óna mbeartas buiséadach. Ba cheart do gach Ballstát a bhfuil an euro mar airgeadra aige dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus le Ballstáit eile a bhfuil an euro mar airgeadra acu sula nglacfar aon phleananna móra maidir le hathchóiriú ar an mbeartas fioscach a bhféadfadh iarmhairtí a bheith acu, ionas go mbeidh deis ann measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar an limistéar euro ina iomláine. Ba cheart dóibh a mheas gur ábhar leasa choitinn a bpleananna buiséadacha agus iad a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun críche faireacháin sula ndéanfaí pleananna ceangailteacha díobh. Ba cheart an Coimisiún a bheith in ann, más gá, tuairim a ghlacadh maidir leis an dréacht-phlean, ar tuairim í a n-iarrfaí ar an mBallstát agus go háirithe ar na húdaráis bhuiséadacha í a chur san áireamh i bpróiseas ghlacadh an ghnímh bhuiséadaigh. Ba cheart a áirithiú le tuairim den sórt sin go ndéanfaí treorú beartais an Aontais sa réimse buiséadach a chomhtháthú go hiomchuí sna hullmhúcháin buiséid náisiúnta. Go háirithe, ba cheart a bheith san áireamh sa tuairim sin measúnú an dtéann nó nach dtéann na pleananna buiséadacha i ngleic go hiomchuí leis na moltaí arna n-eisiúint i gcomhthéacs an tseimeastair Eorpaigh sa réimse buiséadach. Ba cheart don Choimisiún a bheith réidh chun an tuairim sin a thíolacadh do pharlaimint an Bhallstáit lena mbaineann arna iarraidh sin di. An méid a tugadh an tuairim sin san áireamh, ba cheart é sin a thabhairt san áireamh sa mheasúnú a dhéanfar sa chás go gcomhlíonfar na coinníollacha, measúnú a chuirfidh leis an gcinneadh an Ballstát lena mbaineann a chur faoi nós imeachta um easnamh iomarcach, agus más amhlaidh nach n-urramófar treorú luath an Choimisiúin ba cheart é sin a mheas mar chúinse géaraithe. Thairis sin, bunaithe ar mheasúnú foriomlán ar na pleananna ag an gCoimisiún, ba cheart do Ghrúpa an Euro an staid bhuiséadach agus na hionchais don limistéar euro a phlé.

(11) Na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach, ba cheart faireachán níos dlúithe a dhéanamh orthu chun an t-easnamh iomarcach a cheartú ina iomláine agus go tráthúil. Trí fhaireacháin níos dlúithe, ba cheart a áirithiú go gceartófar go luath aon chás ina n-imítear ó mholtaí na Comhairle maidir leis an easnamh iomarcach a cheartú. Ba cheart d'fhaireachán den sórt sin na forálacha atá leagtha amach in Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 a chomhlánú. Ba cheart rialacha mionsonraithe an dlúthfhaireacháin sin a chéimniú ag brath ar an gcéim ag a bhfuil an nós imeachta a bhfuil an Ballstát faoina réir, mar atá foráilte in Airteagal 126 den Chonradh.

(12) A bhuí leis an bhfaireachán níos dlúithe ar Bhallstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach, ba cheart a bheith in ann a aithint an bhfuil rioscaí ann nach gcloífidh Ballstát le spriocdháta i ndáil leis an easnamh iomarcach a cheartú. I gcás ina n-aithneofar rioscaí den sórt sin, ba cheart don Choimisiún moladh a eisiúint don Bhallstát bearta a dhéanamh laistigh de thréimhse áirithe ba cheart a thíolacadh do pharlaimint an Bhallstáit lena mbaineann arna iarraidh sin di. De bharr an mheasúnaithe sin, ba cheart a bheith in ann ceartú a dhéanamh go tapa ar aon fhorbairtí a chuirfeadh ceartú an easnaimh iomarcaigh laistigh den tréimhse bhunaithe i gcontúirt. Ba cheart measúnú ar chomhlíonadh an mholta sin ón gCoimisiún a bheith

mar chuid den mheasúnú leanúnach a dhéanfaidh an Coimisiún ar bhearta éifeachtacha chun an t-easnamh iomarcach a cheartú. Agus cinneadh á dhéanamh an ndearnadh bearta éifeachtacha chun an t-easnamh iomarcach a cheartú, ba cheart don Chomhairle a cinneadh a bhunú freisin ar cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon an Ballstát an moladh ón gCoimisiún.

(13) Chun an comhphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú, go háirithe idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus chun breis trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa deis a thabhairt don Bhallstát a mbaineann moladh ón gCoimisiún leis páirt a ghlacadh i malartú tuairimí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I

## Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*
*Ábhar agus raon feidhme*

1. Leagtar amach sa Rialachán seo forálacha maidir le faireachán feabhsaithe ar bheartais bhuiséadacha sa limistéar euro trí bhíthin an méid seo a leanas:

   (a) an seimeastar Eorpach a chomhlánú, mar atá sainithe in Airteagal 2a de Rialachán (CE) 1466/97, le hamlíne bhuiséadach choiteann;

   (b) córas faireachais iltaobhaigh ar bheartais bhuiséadacha, mar a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1466/97, a chomhlánú le ceanglais faireacháin bhreise chun a áirithiú go ndéanfar moltaí beartais ón Aontas sa reimse buiséadach a chomhtháthú sna hullmhúcháin buiséid náisiúnta mar is iomchuí;

   (c) an nós imeachta um cheartú easnaimh iomarcaigh Ballstáit, mar a bunaíodh in Airteagal 126 den Chonradh agus i Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, a chomhlánú le faireachán níos dlúithe ar bheartais bhuiséadacha Ballstát atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach chun a áirithiú go ndéanfar easnaimh iomarcacha a cheartú go tráthúil agus go marthanach.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

*Airteagal 2*
*Sainmhínithe*

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(2) ciallaíonn "comhairle fhioscach neamhspleách" comhlacht ag a bhfuil neamhspleáchas feidhmiúil i ndáil le húdaráis fhioscacha an Bhallstáit a bhfuil faireachán ar chur chun feidhme na rialacha fioscacha náisiúnta faoina gcúram;

(3) ciallaíonn "réamhaisnéisí maicreacnamaíocha neamhspleácha" na réamhaisnéisí maicreanamaíocha agus/nó buiséadacha a tháirgeann comhlacht neamhspleách nó comhlacht ag a bhfuil neamhpleáchas feidhmiúíl ó údaráis fhioscacha an Bhallstáit;

(4) ciallaíonn "creat buiséadach meántéarmach" a bhfuil leagtha amach i bpointe (e) d'Airteagal 2 de Threoir [.../...] ón gComhairle;

(5) ciallaíonn "clár cobhsaíochta" a bhfuil leagtha amach in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97;

(6) ciallaíonn "rialtas" agus "easnamh" a bhfuil leagtha amach in Airteagal 2 de Phrótacal (Uimh. 12) maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

2. Tá feidhm freisin ag na sainmhínithe ar rialtas ginearálta agus ar fho-earnálacha de rialtas ginearálta atá leagtha amach i bpointe 2.70 d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2223/96.

# Caibidil II

# Forálacha buiséadacha coiteanna

*Airteagal 3*
*Amlíne bhuiséadach choiteann*

1. Poibleoidh na Ballstáit gach bliain a bpleananna fioscacha meántearmacha i gcomhréir lena gcreat buiséadach meántéarmach bunaithe ar réamhaisnéis mhaicreacnamaíoch neamhspleách maille lena gCláir Chobhsaíochta, an 15 Aibreán ar a dhéanaí.

2. Poibleofar dréachtghníomhartha buiséadacha an rialtais ghinearálta gach bliain an 15 Deireadh Fómhair ar a dhéanaí maille leis na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha neamhspleácha a bhfuil siad bunaithe orthu.

3. Glacfar dréachtghníomhartha buiséadacha an rialtais ghinearálta agus poibleofar iad gach bliain, an 31 Nollaig ar a dhéanaí.

*Airteagal 4*
*Rialacha maidir le comhordú an bhuiséid agus comhairle fhioscach náisiúnta neamhspleách*

1. Beidh rialacha fioscacha uimhriúla i bhfeidhm ag na Ballstáit maidir le comhardú an bhuiséid, ar rialacha iad lena gcuirfear i bhfeidhm sa phróiseas buiséadach náisiúnta cuspóirí buiséadacha meántéarmacha na mBallstát mar atá sonraithe in Airteagal 2a de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Cumhdófar an rialtas ginearálta ina iomláine le rialacha den sórt sin, agus is de chineál bunreachtúil a bheidh siad de chéadrogha.

2. Beidh comhairle fhioscach neamhspleách curtha ar bun ag na Ballstáit chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na rialacha fioscacha náisiúnta dá dtagraítear i mír 1.

# Caibidil III

# Faireachán agus measúnú ar dhréachtphleananna buiséadacha na mBallstát

*Airteagal 5*
*Ceanglais maidir le faireachán*

1. Cuirfidh na Ballstáit dréachtphlean buiséadach faoi bhráid an Choimisiúin agus Ghrúpa an Euro gach bliain, an 15 Deireadh Fómhair ar a dhéanaí.

2. Poibleofar an dréachtphlean buiséadach an tráth céanna.

3. Beidh an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an mbliain dár gcionn ar áireamh sa dréachtphlean buiséadach:

   (a) an comhardú buiséid atá mar sprioc ag an rialtais ghinearálta mar chéatadán d'Olltáirgeacht Intíre (OTI), arna mhiondealú de réir fo-earnálacha an rialtais ghinearálta;

   (b) réamh-mheastacháin, ar bhonn beartas gan athrú, i gcomhair caiteachais agus ioncaim mar chéatadáin de OTI i gcomhair an rialtais ghinearálta, agus na príomhchuidithe díobh;

   (c) an caiteachas sprice agus an t-ioncam sprice mar chéatadán de OTI i gcomhair an rialtais ghinearálta agus na príomhchuidithe díobh, agus a chur san áireamh iontu na coinníollacha agus na critéir chun conair fáis chaiteachas an rialtais a shuíomh agus í glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim faoi Airteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97;

   (d) tuairisc mhionsonraithe agus cainníochtú atá doiciméadaithe go maith maidir leis na bearta atá le háireamh sa bhuiséad don bhliain atá le teacht chun an bhearna a dhúnadh idir na spriocanna dá dtagraítear i bpointe (c) agus na réamh-mheastacháin, ar bhonn beartas gan athrú, a sholáthraítear i gcomhréir le

pointe (b). Féadfaidh níos lú mionsonraithe a bheith sa tuairisc i gcás beart lena mbaineann tionchar buiséadach a mheastar a bheith faoi bhun 0.1% de OTI. Tabharfar aird ar leith ar phleananna móra maidir le hathchóiriú ar an mbeartas fioscach a bhféadfadh éifeachtaí iarmharta a bheith ag baint leo do Bhallstáit eile a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(e) na príomhthoimhdí maidir leis na forbairtí eacnamaíocha a bhfuiltear ag súil leo agus athróga eacnamaíocha tábhachtacha atá ábhartha do bhain amach na spriocanna buiséadacha. Beidh na toimhdí sin bunaithe ar réamhaisnéisí maicreacnamaíocha neamhpleácha fáis;

(f) más infheidhme, faisnéis bhreise maidir leis an gcaoi a gcomhlíonfar na moltaí reatha atá dírithe ar an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 121 den Chonradh sa réimse buiséadach.

4. I gcás ina bhfuil difríocht idir na spriocanna sa chlár cobhsaíochta is déanaí agus na spriocanna buiséadacha arna dtuairisciú sa dréachtphlean buiséadach i gcomhréir le pointí (a) agus pointe (c) de mhír 3, nó na réamh-mheastacháin ar bhonn beartas gan athrú, míneofar na difríochtaí mar is iomchuí.

5. I gcás ina n-aithneoidh an Coimisiún neamhchomhlíonadh an-tromchúiseach i leith na n-oibleagáidí maidir le beartas buiséadach atá leagtha síos sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, déanfaidh sé, laistigh de dhá sheachtain ón tráth a chuirfear an dréachtphlean buiséadach isteach, dréachtphlean buiséadach athbhreithnithe a iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann. Poibleofar an iarraidh sin.

Beidh feidhm ag mír 2 go mír 4 i gcás dréachtphlean bhuiséadaigh athbhreithnithe.

6. Sonróidh an Coimisiún inneachar an dréachtphlean bhuiséadaigh dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 6*

*Measúnú ar an dréachtphlean buiséadach*

1. Glacfaidh an Coimisiún, más gá, tuairim maidir leis an dréachtphlean buiséadach faoin 30 Samhain sa bhliain i gceist.

2. Poibleofar tuairim an Choimisiúin agus, arna iarraidh sin do pharlaimint an Bhallstáit lena mbaineann, tíolacfaidh an Coimisiún don pharlaimint lena mbaineann í.

3. Déanfaidh an Coimisiún measúnú foriomlán ar an staid bhuiséadach agus ar na hionchais sa limistéar euro ar fad. Poibleofar an measúnú sin.

4. Pléifidh Grúpa an Euro tuairimí an Choimisiúin maidir leis na pleananna buiséadacha náisiúnta agus an staid bhuiséadach agus na hionchais sa limistéar euro ar fad ar bhonn an mheasúnaithe fhoriomláin a dhéanfaidh an Coimisiún i gcomhréir le mír 3. Poibleofar an measúnú sin.

# Caibidil IV

# Ceartú an easnaimh iomarcaigh a áirithiú

*Airteagal 7*
*Faireachán níos dlúithe ar Bhallstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach*

1. I gcás ina gcinnfidh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 126(6) den Chonradh gurb ann d'easnamh iomarcach i mBallstát, beidh an Ballstát lena mbaineann faoi réir mhír 2 go mír 5 den Airteagal seo, go dtí go n-aisghairfear an nós imeachta um easnamh iomarcach.

2. An Ballstát atá faoi réir faireacháin níos dlúithe, déanfaidh sé measúnú cuimsitheach gan mhoill ar chur i bhfeidhm an bhuiséid sa bhliainréise i gcás an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha. Na rioscaí airgeadais a bhaineann le heintitis ar leis an rialtas iad agus le conarthaí rialtais, déanfar iad a chumhdach sa mheasúnú sa mhéid go bhféadfaidís cur le haon easnamh iomarcach. Déanfar torthaí an mheasúnaithe sin a áireamh sa tuarascáil a chuirfear isteach i gcomhréir le hAirteagal 3(4a) nó 5(1a) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le bearta arna ndéanamh chun an t-easnamh iomarcach a cheartú.

3. Tuairisceoidh an Ballstát go tráthrialta chuig an gCoimisiún agus chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais nó chuig aon fhochoiste a shannfaidh sé chun na críche sin, i ndáil leis an rialtas ginearálta agus a fho-earnálacha, maidir le cur i bhfeidhm an bhuiséid sa bhliainréise, tionchar buiséadach na mbeart lánroghnach arna ndéanamh ar thaobh an chaiteachais agus an ioncaim araon, spriocanna i gcomhair chaiteachas agus ioncam an rialtais, chomh maith le faisnéis maidir leis na beartais arna nglacadh agus cineál na mbeart atá beartaithe chun na spriocanna a bhaint amach. Poibleofar an tuarascáil.

   Sonróidh an Coimisiún inneachar na tuarascála dá dtagraítear sa mhír seo.

4. Ma tá an Ballstát lena mbaineann faoi réir molta ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) den Chonradh, déanfar an tuarascáil i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo a chur isteach den chéad uair 6 mhí tar éis na tuarascála tosaigh dá bhforáiltear in Airteagal 3(4a) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, agus ar bhonn leathbhliantúil ina dhiaidh sin.

5. Má tá an Ballstát lena mbaineann faoi réir fógra ón gComhairle faoi Airteagal 126(9) den Chonradh, sa tuarascáil i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo beidh faisnéis ar áireamh freisin maidir le bearta atá á ndéanamh mar gheall ar mholtaí sonracha na Comhairle. Cuirfear isteach den chéad uair í 3 mhí tar éis na tuarascála tosaigh dá bhforáiltear in Airteagal 5(1a) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, agus go ráithiúil ina dhiaidh sin.

6. Arna iarraidh sin don Choimisiún agus roimh an spriocdháta a shocróidh an Coimisiún, déanfaidh an Ballstát atá faoi réir faireacháin níos dlúithe an méid seo a leanas:

(a) iniúchadh cuimsitheach neamhspleách ar chuntais an rialtais ghinearálta a dhéanamh agus a thuairisciú, ar iniúchadh é a dhéanfar i gcomhordú leis na hinstitiúidí iniúchta náisiúnta is airde, agus a mbeidh sé d'aidhm aige measúnú a dhéanamh ar iontaofacht, ar shláine agus ar chruinneas na gcuntas poiblí sin chun críocha an nós imeachta um easnamh iomarcach Sa chomhthéacs sin déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) measúnú ar cháilíocht na sonraí arna dtuairisciú ag an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 679 /2010[3];

(b) faisnéis bhreise a sholáthar chun na críche faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo cheartú an easnaimh iomaracaigh.

*Airteagal 8*

*Na Ballstáit atá i mbaol nach gcomhlíonfaidh siad a n-oibleagáidí faoin nós imeachta um easnamh iomarcach a bhaineann leo*

1. Agus measúnú á dhéanamh aige an bhfuil baol ann do chomhlíonadh an spriocdháta maidir le ceartú an easnaimh iomarcaigh, mar a bunaíodh leis an moladh reatha ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) den Chonradh nó le fógra na Comhairle faoi Airteagal 126(9) den Chonradh, bunóidh an Coimisiún a mheasúnú freisin ar na tuarascálacha a chuirfidh na Ballstáit faoina bhráid i gcomhréir le hAirteagal 7(3) den Rialachán seo.

2. I gcás baoil nach gcomhlíonfar an spriocdháta maidir le ceartú an easnaimh iomarcaigh, díreoidh an Coimisiún moladh ar an mBallstát i gceist bearta breise a ghlacadh laistigh de thréimhse a bheidh comhsheasmhach leis an spriocdháta le haghaidh cheartú a easnaimh iomarcaigh dá dtagraítear i mír 1. Poibleofar an moladh ón gCoimisiúin agus, arna iarraidh sin do pharlaimint an Bhallstáit lena mbaineann, tíolacfaidh an Coimisiún don pharlaimint lena mbaineann é.

3. Laistigh den tréimhse a shocrófar sa mholadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 2, tuairisceoidh an Ballstát lena mbaineann chuig an gCoimisiún maidir le bearta arna nglacadh mar gheall ar an moladh sin maille leis na tuairiscí dá bhforáiltear in Airteagal 7(3). Ar áireamh sa tuarascáil beidh tionchar buiséadach na mbeart ar fad arna nglacadh, spriocanna le haghaidh chaiteachas agus ioncam an rialtais, faisnéis maidir leis na bearta arna nglacadh agus cineál na mbeart sin atá beartaithe chun na spriocanna a bhaint amach, chomh maith le faisnéis maidir leis na bearta eile atá á ndéanamh mar gheall ar an moladh ón gCoimisiún. Poibleofar an tuarascáil.

4. Féadfaidh an coiste inniúil de Pharlaimint na hEorpa an deis a thabhairt don Bhallstát a mbaineann moladh i gcomhréir le mír 2 leis páirt a ghlacadh i malartú tuairimí i gcomhréir le hAirteagal 2a de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97.

5. Ar bhonn na tuarascála dá dtagraítear i mír 3, measfaidh an Coimisiún ar chomhlíon an Ballstát an moladh arna dhéanamh i gcomhréir le mír 2.

---

3 IO L 198, 30.7.2010, lch. 1.

*Airteagal 9*
*Tionchar ar an nós imeachta um easnamh iomarcach*

1. An méid a thug an Ballstát i gceist an tuairim dá dtagraítear in Airteagal 6(1) san áireamh, cuirfear san áireamh é:

   (a) nuair a dhéanfaidh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh agus nuair a mholfaidh sé go bhforchuirfear taisce neamhúsmhar i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. XXXX/2011;

   (b) nuair a chinnfidh an Chomhairle an ann d'easnamh iomarcach i gcomhréir le hAirteagal 126(6) den Chonradh.

2. Beidh an faireachán níos dlúithe dá dtagraítear in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 den Rialachán seo ina dhlúthchuid den fhaireachán tráthrialta, dá bhforáiltear in Airteagal 10(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, de chur chun feidhme beart a dhéanfaidh an Ballstát lena mbaineann mar gheall ar mholtaí arna ndéanamh faoi Airteagal 126(7) den Chonradh nó mar gheall ar fhógraí arna dtabhairt faoi Airteagal 126(9) den Chonradh chun an t-easnamh iomarcach a cheartú.

3. Agus breithniú á dhéanamh aige an ndearnadh bearta éifeachtacha mar gheall ar na moltaí i gcomhréir le hAirteagal 126(7) den Chonradh nó mar gheall ar na fógraí i gcomhréir le hAirteagal 126(9) den Chonradh, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 8(5) den Rialachán seo agus molfaidh sé, mar is iomchuí, don Chomhairle cinntí a d'fhéadfaí a dhéanamh faoi Airteagal 126(8) nó Airteagal 126(11) den Chonradh.

*Airteagal 10*
*Comhsheasmhacht le Rialachán Uimh XXX maidir le treisiú ar fhaireachas eacnamaíoch agus buiséadach ar Bhallstáit atá faoi bhagairt nó faoi ghreim diandeacrachtaí i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais sa limistéar euro*

Ballstáit atá faoi réir cláir de choigeartuithe maicreacnamaíocha i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Uimh. XXX, ní bheidh siad faoi réir Airteagal 5 go hAirteagal 7 den Rialachán seo.

# Caibidil V

# Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 11*
*Athbhreithniú*

1. Faoin [dáta céanna leis an dáta in Airteagal 13 den Rialachán maidir le smachtbhannaí] agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Déanfar measúnú sa tuarascáil sin, *inter alia*:

(a) ar éifeachtacht an Rialacháin seo;

(b) ar an dul chun cinn atá déanta chun comhordú níos dlúithe ar bheartais eacnamaíocha agus cóineasú marthanach i bhfeidhmíocht eacnamaíoch na mBallstát a áirithiú i gcomhréir leis an gConradh.

2. Nuair is iomchuí, beidh togra le haghaidh leasuithe ar an Rialachán seo ag gabháil leis an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1.

3. Cuirfear an togra ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

*Airteagal 12*
*Forálacha idirthréimhseacha*

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach tráth a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.

2. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh feidhm ag Airteagal 7(2) maidir le Ballstáit ar chinn an Chomhairle ina leith cheana go ndearnadh bearta éifeachtacha i gcomhréir le hAirteagal 4(2) agus Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97.

3. Comhlíonfaidh na Ballstáit Airteagal 4 faoin [sé mhí tar éis ghlacadh an Rialacháin seo] ar a dhéanaí.

*Airteagal 13*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile is go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*